PRÓTACAL

MAIDIR LE hINNIÚLACHTAÍ ROINNTE A FHEIDHMIÚ

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

Airteagal aonair

Maidir le hAirteagal 2a(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a bhaineann le hinniúlachtaí roinnte, i gcás ina nglacfaidh an tAontas beart i réimse áirithe, ní chumhdóidh raon feidhme fheidhmiú na hinniúlachta sin ach na gnéithe a rialaítear leis an ngníomh sin de chuid an Aontais atá i gceist agus ní chumhdóidh sé dá bhrí sin an réimse go léir.

PRÓTACAL

MAIDIR LE SEIRBHÍSÍ LEASA GHINEARÁLTA

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO béim a leagan ar thábhacht seirbhísí leasa ghinearálta,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha léirithe seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

Airteagal 1

Cuimsíonn comhluachanna an Aontais maidir le seirbhísí leasa eacnamaíoch ghinearálta, de réir bhrí Airteagal 16 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, an méid seo a leanas go háirithe:

— an ról riachtanach agus an rogha leathan atá ag na húdaráis náisiúnta, ag na húdaráis réigiúnacha agus ag na húdaráis áitiúla maidir le seirbhísí leasa eacnamaíoch ghinearálta a sholáthar, a chur á n-úsáid agus a eagrú ar bhealach a fhreagraíonn a oiread agus is féidir do riachtanais na n-úsáideoirí;

— éagsúlacht na seirbhísí leasa eacnamaíoch ghinearálta agus na difríochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann idir riachtanais na n-úsáideoirí agus idir a roghanna de bharr staideanna geografacha, staideanna sóisialta nó staideanna cultúrtha éagsúla;

— leibhéal ard cáilíochta, sábháilteachta agus incheannaitheachta, an chóir chomhionann agus rochtain do chách agus cearta úsáideoirí a chur chun cinn.

Airteagal 2

Ní dhéanfaidh forálacha na gConarthaí difear ar dhóigh ar bith d'inniúlacht na mBallstát maidir le seirbhísí leasa ghinearálta nach den gheilleagar iad a sholáthar, a chur á n-úsáid agus a eagrú.

PRÓTACAL

A BHAINEANN LEIS AN gCINNEADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME AIRTEAGAL 9c(4) DEN CHONRADH AR AN AONTAS EORPACH AGUS AIRTEAGAL 205(2) DEN CHONRADH AR FHEIDHMIÚ AN AONTAIS EORPAIGH IDIR AN 1 SAMHAIN 2014 AGUS AN 31 MÁRTA 2017, DE PHÁIRT AMHÁIN, AGUS ÓN 1 AIBREÁN 2017 AR AGHAIDH, DEN PHÁIRT EILE

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG CUR SAN ÁIREAMH a thábhachtaí agus a bhunúsaí atá sé, nuair a fhormheasfar Conradh Liospóin, go dtiocfar ar chomhaontú ar an gCinneadh ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Airteagal 9c(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagal 205(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh idir an 1 Samhain 2014 agus an 31 Márta 2017, de pháirt amháin, agus ón 1 Aibreán 2017 ar aghaidh, den pháirt eile (dá ngairtear 'an Cinneadh' anseo feasta),

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

Airteagal aonair

Sula bpléifidh an Chomhairle aon dréacht a mbeadh sé d'aidhm aige an Cinneadh nó ceann dá fhorálacha a leasú nó a aisghairm, nó a raon feidhme nó a bhrí a mhodhnú go hindíreach trí ghníomh dlíthiúil eile de chuid an Aontais a mhodhnú, déanfaidh an Chomhairle Eorpach an dréacht sin a phlé roimh ré, ag gníomhú di trí chomhthoil i gcomhréir le hAirteagal 9b(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

PRÓTACAL

MAIDIR LE FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

DE BHRÍ, d'fhonn an trasdul a eagrú ó fhorálacha institiúideacha na gConarthaí a bhí infheidhme roimh theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin go dtí na forálacha sa Chonradh sin, gur gá forálacha idirthréimhseacha a leagan síos,